

An Polca agus an Cor (nó an Ríl)

Amchomhartha Polca: 2/4; amchomhartha coir: 4/4;

An bhFhaca Tú Mo Shéamuisín

Rithim: Polca

A' / bhfaca tú mo / Shéamuisín, mo / stóirín óg, mo / bhuachaillín?
A' / bhfaca tú mo / Shéamuisín, is / é 'gabháil síos an bóthar?
Níl / bróg ar bith ar a / dhá choisín, ar a / dhá choisín, ar a / dhá choisín.
Níl / bróg ar bith ar a / dhá choisín. Níl / caipín air ná clóca.

Ag / dul ar scoil tá / Séamuisín, mo / stóirín óg, mo / bhuachaillín
Ag / dul ar scoil tá / Séamuisín 's a / leabhairín buí sa / phóca. /
Ar a dhroim tá / máilín beag, tá / máilín beag, tá / máilín beag. /
Ar a dhroim tá / máilín beag 's a / lóinsín ann is dócha.

Do / rugadh é i / Móin a Lín ag / bun an chnoic i /nead éinín
Do / rugadh é i / Móin a Lín in /aice le Bun / Dóite.
Ó / grá mo chroí mo / Shéamuisín, mo / stóirín óg, mo / bhuachaillín.
Ó / grá mo chroí mo /Shéamuisín ar / maidin is tráthnóna.

Nóra Bheag

Rithim: Cor

"A Nóra bheag, cá raibh tú 'réir?"
'Sé dúirt mo mhamaí liomsa
"I gcúl a' tí ag tobar an uisce
'Foghlaim coiscéim damhsa"

Curfá:

'Gus íomba¹ Nóra, Nóra, Nóra
'Gus íomba 's tú mo ghrá geal
'Gus íomba Nóra is tú mo stóirín
Tá mise dúnta i ngrá leat

B'aite² le Nóra pis agus pónaire
B'aite le Nóra branda³
B'aite le Nóra prátaí rósta
Is d'íosfadh sí an t-im leo

Curfá

Dá mbíodh agam ciste, níl ach toistiún⁴
Chuirfinn ort gúna álainn
Bhéarfainn fuiscí, tae agus brioscaí
'S bheinn ag gabháil cheoil go lá leat

Curfá

"'S a Nóra bheag, cá raibh tú 'réir?"
"Bhí mé 'gcúl a' gharraí"
"Cé bhí agat féin ansin?"
"A' píobaire beag 's a mhálaí"

Curfá

Déan damhsa, 'Nóra, déan damhsa, 'Nóra,
Déan damhsa, 'Nóra, déan damhsa liom,
Déan damhsa, 'Nóra, déan damhsa liom,
Tá mise dúnta i ngrá leat.

1 íomba = ? iombaídh, iombaidh "excessive love or friendship"; iombathaim "I swoon" (O'Reilly, 1864)

2 ait = pleasant, likeable; an fear ab aite liom = "the man I liked best"

3 branda = brandaí

4 ceithre pingine (sa tseanairgead)

Báidín Fheilimí

Báidín Fheilimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.
Báidín Fheilimí d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.

Curfá:

Báidín bídeach, báidín beosach,
Báidín bóidheach, báidín Fheilimí.
Báidín díreach, báidín deontach,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.

Báidín Fheilimí d'imigh go Toraigh,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.
Báidín Fheilimí d'imigh go Toraigh,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann.

Curfá

Báidín Fheilimí briseadh i dToraigh í,
Báidín Fheilimí is Feilimí ann /nó/ Iasc ar bord agus Feilimí ann.
Báidín Fheilimí briseadh i dToraigh,
Báidín Fheilimí agus feilimí ann.

Curfá

bídeach = tiny
beosach = spruce, bright, dapper, glittering
bóidheach = bonny (Con. Aondroma, Dinneen)
díreach = straight or true
deontach/deonach = willing, agreeable
an deireadh (f1) = aft/stern
an seolchrann/crann (f1) = mast
an seol (f1) = the sail (ag seoladh = sailing)
an bhuaic (b2)/gob (f1) = the prow
an deic (b2)/bord (f1) = the deck
an t-ancaire (f4) = the anchor (chuaigh sí ar ancaire)

an cholainn (b2) /chabhail b5) = the hull (báid/
loinge)
chuaigh sí faoi/faoin uisce/go tóin poill
ag dul soir ó thuaidh = going North-East
rigín (f4) an tseoil mhóir = main rigging
feistiú = to moor (dul ar feistiú)
"Tá iascairí na Gaillimhe ag teacht aniar le cóir"
an chóir (b3, g.u. na córa) = fair wind (sa
comhthéacs seo)
an long (b2, g.u. na loinge) = the ship
an bád (f1, ach = briseadh í) = the boat

Peigín Leitir Móir

Rithim: Polca

Curfá:

O gairim gairim í,
Agus gairim í, mo stór;
Míle grá le m'anam í
'Sí Peigín Leitir Móir!

Éirigh suas, a Pheigín,
Agus seas ar bharr an aird.
Comhar do chuid bullán
Agus féach an bhfuil siad ann.

Curfá

Tá Bríd agam 's tá Cáit agam
'Sí Peig an bhean is fearr;
Pé'r bith fear a gheobhas í,
Nach air a bhéas an t-ádh.

Curfá

Chuir mé scéala chuici
Go gceannóinn di bád mór;
'Sé'n scéala 'chuir sí ar ais chugam
Go ndéanfadh leathbhád seoil.

Curfá

Tá iascairí na Gaillimhe
Ag teacht anoir le cóir
Le solas gealaí gile
Nó go bhfeicidís an tseoid.

Curfá deiridh

'S ó, gairim, gairim í
'Gus gairim í mo stór
Míle grá le m'anam í
Is gearr go mbeidh sí mór!